



An
Bord
Pleanála

Clár oibre Éisteacht Ó Bhéal ABP-304367-19

An Cás	472 uimh. aonad cónaithe (234 uimh. teach, 238 uimh. árasán), creis agus na hoibreacha suímh uile a ghabhann leo. Castletreasure/Mayborough (bailte fearainn) Carr's Hill/Bóthar Charraig Uí Leighin, Dúglas, Corcaigh.
Dáta	19 Meán Fómhair 2019
Am Tosaithe	10.00 a.m.
Suíomh	Óstán an Metropole, Sráid Mhic Curtáin, An Cheathrú Vichteoiriach, Corcaigh.

Clár Oibre

1. Soiléiriú ar eolas a bhaineann go sonrath leis an suíomh maidir leis na tograí do bhainistíocht an uisce stoirme, lena n-áirítear eolas faoi imscrúdú talún agus trialacha insíothlaithe agus sonraí maidir le leithead agus cineál na mbeart SUD a bheartaítear a chur i bhfeidhm, a rialóidh toirt rith chun srutha an uisce dromchla.
2. Soiléiriú ar conas is féidir an sceitheadh uisce stoirme ón bhforbairt a theorannú, ionas go mbeadh sé i gcomhréir le riachtanais Chód Cleachtais Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath d'Obair Dhraenála (Imleabhar 2 Forbairt Nua leagan 6.0), nó gur féidir an suíomh, tar éis é a fhorbairt, a dhraenáil ar shlí leordhóthanach inbhuanaithe ionas nach mbeidh aon éifeacht suntasach comhshaoil aige ar chaighdeán na n-uiscí glactha de thoradh méadú féideartha ar an doirteadh isteach i sruthán Mhuine Guairne, nó nach méadófar an baol de thuillte níos faide síos an abhainn ag Sruthán an Bhaile Breac.

Ord na hÉisteachta ó Bhéal	
1.	Oscailt na hÉisteachta
2.	Aighneacht an iarratasóra
3.	Freagra an Údaráis Phleanála ar an aighneacht
4.	Aighneacht ó aon pháirtí eile
5.	Aon ghnó eile
6.	Dúnadh na hÉisteachta

Nótaí:

- Níor chóir aighneachtaí a rinneadh i scríbhinn chuig an mBord roimhe seo a athléamh, ós rud é go mbeidh siad léite ag an gCigire cheana féin.
- Ba chóir cóipeanna de na haighneachtaí a dhéanfar ag an éisteacht ó bhéal a chur ar fáil lena ndáileadh ar na páirtithe eile.
- Cuir scéala chugainn a luaithe is féidir má tá riachtanais so-rochtaineachta agatsa nó ag duine i do ghrúpa ionas gur féidir linn cabhrú leat bheith i láthair ag an éisteacht ó bhéal seo. Is féidir nach mbeifear in ann gníomhú tar éis an sprioclá d'iarratais, ceal ama.